# Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún (1)

(C/2026/3254)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

**(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)**

**'Estepa'**

**Uimhir thagartha AE: PDO-ES-0341-AM03 — 20.3.2026**

1. **Ainm an táirge**

'Estepa'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ GI

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

*Ainm*

Ard-Stiúrthóireacht na dTionscal Agraibhia, na Nuálaíochta agus an tSlabhra Soláthair Bia, Aireacht Talmhaíochta Rialtas Phobal Féinrialaitheach na hAndalúise

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Tagann na leasuithe formheasta faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá dtagraítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 toisc nach bhfuil i gceist leo athrú ar an ainm ná ar úsáid ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, nach bhfuil an baol ann dá ndeasca go gcuirfear an nasc seanbhunaithe leis an limistéar geografach ar neamhní agus nach bhfuil srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

*Teideal*

Íos-searbhas airmheánach agus scór géire a laghdú ó 3 go 2,5

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

*Tuairisc*

Baineann an leasú le Roinn B.2 ‘Saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha na n-ológ’ den tsonraíocht táirge agus leis an roinn ‘Tuairisc ar an táirge’ den doiciméad aonair.

Is é an rún atá ann a chur san áireamh go leanann ola olóige úríon, mar shú nádúrtha torthaí, de bheith ag forbairt le linn na tréimhse tomhaltais.

Chomh maith leis sin, mar is eol go maith, athraíonn déine ola olóige úríon mar thoradh ar mhodhanna saothraithe nua amhail úsáid mhéadaithe uiscithe rialaithe. Is é an aidhm atá ann oiriúnú do na hathruithe sin a tharlaíonn go nádúrtha le linn na tréimhse tomhaltais.

Seachas an réaltacht agranamaíoch sin, tá ola olóige úríon a dhéantar as an gcineál Arbequina faoi réir próiseas ocsaídiúcháin nádúrtha lenar féidir na scóir airmheánacha maidir le searbhas agus géire a laghdú le cúpla deichiú. Dá bhrí sin, laghdaíodh an scór airmheánach maidir le searbhas agus géire ó 3 ar a laghad go 2,5 ar a laghad le haghaidh na n-olaí eisceachtúla sin a bhaineann go sonrach leis an ATFC ‘Estepa’.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Anailís a athsholáthar bunaithe ar scála BTB

*Tuairisc*

Baineann an leasú le Roinn B.2 ‘Saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha na n-ológ’ den tsonraíocht táirge agus leis an roinn ‘Tuairisc ar an táirge’ den doiciméad aonair.

Baineadh an ceanglas nach mór dath na hola a thomhas ar scála BTB toisc nach é an dath a chineann cáilíocht an táirge. Is iomchuí méid na líocha san ola a chinneadh trína cion bithfheanóil a thomhas, trí úsáid a bhaint as modh crómatagrafaíochta leachta ardfheidhmíochta T20 (CLAF) arna fhormhuiniú ag Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa (CIO).

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Bithfheanóil iomlána (tíreasól) a chur in ionad an pharaiméadair frithocsaídeoirí nádúrtha, polaifeanóil (% aigéad caiféin)

*Tuairisc*

Baineann an leasú le Roinn B.2 ‘Saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha na n-ológ’ den tsonraíocht táirge agus leis an roinn ‘Tuairisc ar an táirge’ den doiciméad aonair.

Cuireadh an méid seo a leanas:

‘Frithocsaídeoirí nádúrtha, polaifeanóil (% d’aigéad caiféach): ≤ 405 mg/kg)

‘Frithocsaídeoirí nádúrtha, bithfheanóil iomlána: ≥ 250 mg/kg).’

in ionad na foclaíochta:

‘Frithocsaídeoirí nádúrtha, Arbequine aonchineálach, polaifeanóil (% d’aigéad caiféach): ≥ 250 mg/kg (tíreasól)

Frithocsaídeoirí nádúrtha, Arbequina aonchineálach, bithfheanóil iomlána: ≥ 200 mg/kg (tíreasól)’.

Cúiseanna

Rinneadh faireachán córasach ar chion feanólach olaí olóige úríona ATFC ‘Estepa’ ar feadh roinnt blianta trí úsáid a bhaint as crómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta (CLAF-UV), modh chun bithfheanóil arna n-aithint ag an gComhairle Idirnáisiúnta um Ológa a chinneadh (doiciméad COI/T.20/Doc. No 29/Rev.2). Leis an modh sin, déantar leibhéal na gcomhdhúl feanólach a chainníochtú, arna shloinneadh i mg/kg de thíreasól. Leis na torthaí a fuarthas, bhíothas in ann cainníochtú sonrach, in-atáirgthe agus inrianaithe a dhéanamh ar fhrithocsaídeoirí nádúrtha (bithfheanóil) na hola, murab ionann agus modhanna níos ginearálta amhail polaifeanóil iomlána a thomhas de réir dathmhéadrachta.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Cobhsaíocht ocsaídiúcháin a chinneadh le haghaidh ola Arbequina aonchineálach

*Tuairisc*

Baineann an leasú le Roinn B.2 'Saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha na n-ológ' den tsonraíocht táirge agus leis an roinn 'Tuairisc ar an táirge' den doiciméad aonair.

'Cobhsaíocht ocsaídiúcháin (Arbequina aonchineálach) (Rancimat): Uaireanta (100 °C nó 120 °C, aershreabhadh 10 lítear/uair an chloig). Íosmhéid: ≥ 35 ag 100 °C agus ≥ 6 ag 120 °C.'

Cúiseanna

Tugadh isteach luachanna níos sonraí maidir le cobhsaíocht ocsaídiúcháin ola Arbequina aonchineálaigh, ní hamháin mar gheall ar dhifríochtaí a bhaineann go dlúth leis an gcineál ach freisin mar gheall ar an anailís ar olaí le breis agus leathchéad bliain, rud a léirigh athruithe ar iompraíocht de réir mar a théann garráin ológ in aois. Is é sin, mar aon leis an athrú aeráide agus forbairt uiscithe rialaithe, an chúis ar cheart an paraiméadar sin a shocrú sa tsonraíocht.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Earráid dréachtúcháin a cheartú agus an raon tócaifearóil a choigeartú

*Tuairisc*

Baineann an leasú le Roinn B.2 'Saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha na n-ológ' den tsonraíocht táirge agus leis an roinn 'Tuairisc ar an táirge' den doiciméad aonair.

An fhoclaíocht:

'Tocaifearóil: ≤ 261,1 mg/kg).'

Cuireadh an méid seo a leanas ina hionad:

'Tocaifearóil: ≤ 250 mg/kg).'

Tócaifearóil, Arbequina aonchineálach: ≤ 220 mg/kg).'

Cúiseanna

Cuireadh an tsiombail '≥' in ionad '≤' chun earráid dréachtúcháin a cheartú. Thairis sin, socraíodh an t-íosluach tócaifearóil, critéar cáilíochta lena léirítear uathúlacht ola olóige úríon ATFC 'Estepa', ag ≥ 250 mg/kg. Slánaíodh an figiúr chun é a dhéanamh níos éasca é a chur i bhfeidhm sa chleachtas, gan difear a dhéanamh don cheanglas teicniúil.

Chomh maith leis sin, socraíodh íosluach ≥ 220 mg/kg go sonrach le haghaidh ola aonchineálach Arbequina. Tá fianaise eolaíoch agus theicniúil ann gur gnách leibhéil tócaifearóil níos ísle a bheith ag an gcineál sin ar chúiseanna géineolaíochta agus íogaireachta i leith tosca agranamaíocha agus aeráide. Aithnítear leis an socrú sin uathúlacht ola Arbequina gan pionós éagórach a ghearradh uirthi i gcomparáid le cineálacha eile a bhfuil níos mó frithocsaídeoirí iontu.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Modhanna anailíse a thabhairt cothrom le dáta

*Tuairisc*

Baineann an leasú le Roinn B.2 'Saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha na n-ológ' den tsonraíocht táirge agus leis an roinn 'Tuairisc ar an táirge' den doiciméad aonair.

An fhoclaíocht:

'Polaifeanóil: crómatagrafaíocht leachtach le brath eagair dé-óide ultraivialait nó dathmhéadracht ag baint úsáide as speictreafótaiméadracht ultraivialait arna tomhas i mg/kg d'aigéad caiféach.

Tocaifearóil: crómatagrafaíocht leachtach le brath fluaraiseachta (mg/kg).'

in ionad na foclaíochta:

'Bithfheanóil: Modh CIO T20 Bithfheanóil a chinneadh trí CLAF.

Tocaifearóil: Modh CIO T20 Bithfheanóil a chinneadh trí CLAF.'

Ní mór an modh anailíse a thabhairt cothrom le dáta mar gheall ar bhithfheanóil iomlána (tíreasól) a chur in ionad an pharaiméadair frithocsaídeoirí polaifeanól nádúrtha (% aigéad caiféin). Is é an modh atá le húsáid modh oifigiúil CIO (COI/T.20/Doc. Uimh. 29) chun comhdhúile feanólacha a chinneadh le CLAF, lena n-áirítear bithfheanóil agus tócaifearóil, lena n-áirithítear cainníochtú cruinn agus in-atáirgthe i gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Luathbhuaint le haghaidh cumaisc ola de na cineálacha Hojiblanca, Manzanilla, Arbequina, Picual agus Lechín

*Tuairisc*

Baineann an leasú le Roinn B.2 'Saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha na n-ológ' den tsonraíocht táirge agus leis an roinn 'Tuairisc ar an táirge' den doiciméad aonair.

Leis an tsonraíocht atá ann faoi láthair, is féidir ológa a bhuain i mí na Samhna le haghaidh ola olóige úríon a tháirgtear mar chumasc de chúig chineál a fhástar sa limistéar (Hojiblanca, Manzanilla, Arbequina, Picual agus Lechín). Tá sé beartaithe cead a thabhairt an bhuain a dhéanamh chomh luath le mí Dheireadh Fómhair.

Faoi láthair, ní féidir na hológa a bhuain go dtí mí na Samhna agus ba mhaith linn é sin a thabhairt ar aghaidh go dtí mí Dheireadh Fómhair.

Déantar é sin chun a chur san áireamh gur gnách ológa a bhuain níos luaithe ná mar a rinneadh roimhe seo mar gheall ar fhorbairtí i bhfás ológ agus san athrú aeráide. Tá sé sin fíor go háirithe i gcás na n-olaí sin, ar a dtugtar 'olaí luatha', agus léirítear leis cleachtas coiteann sa limistéar fáis freisin.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Cineál nua pacáistíochta a chur isteach

*Tuairisc*

Baineann an leasú seo le Roinn D 'Cruthúnas gur de thionscnamh an limistéir an táirge' i réimse na sonraíochta táirge.

Sa mhír dheireanach den roinn seo, áiríodh 'mála i mbosca' mar chineál nua pacáistíochta. Féachtar air sin mar bhealach chun dul isteach i margaí nua, mar gheall ar cháilíochtaí caomhnúcháin den scoth an chineáil sin pacáistithe.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Searbhas airmheánach, an paraiméadar polaifeanóil agus an modh chun líocha a thomhas a shocrú

*Tuairisc*

Baineann an leasú le Roinn F.2 'Sainiúlacht an táirge' den tsonraíocht táirge agus leis an roinn 'Sainiúlacht an táirge' den doiciméad aonair.

An fhoclaíocht:

'— Searbhas suntasach, lena mbaineann scór airmheánach idir 3 agus 6, ar gnáthscór é sin le haghaidh olaí a tháirgtear ag tús an tséasúir.

(...)

Cion ard de na líocha a fhaightear in ola olóige, go sonrach clóraifillí agus caraitéiní (scála BTB).

Tá an t-athrú ar an gcion polaifeanóil agus ar an gcobhsaíocht nasctha le tráth na buaine.'

in ionad na foclaíochta:

'- Searbhas suntasach, lena mbaineann scór airmheánach idir 2,5 agus 6, ar gnáthscór é sin le haghaidh olaí a tháirgtear ag tús an tséasúir.

(...)

Cion ard na líocha a fhaightear in ola olóige, go sonrach clóraifill agus caraitéiní (Modh CIO T20 Bithfheanóil a chinneadh le crómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta (CLAF)).

Tá an t-athrú ar an gcion polaifeanóil agus ar an gcobhsaíocht nasctha le tráth na buaine.'

Cúiseanna

Déantar an scór airmheánach íosta le haghaidh searbhais, an paraiméadar polaifeanóil agus an modh atá le húsáid chun líocha a thomhas a shocrú i gcomhréir leis na leasuithe atá beartaithe ar Roinn B.2.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Leasuithe ar mhaithe le comhsheasmhacht le leasuithe eile

*Tuairisc*

Baineann an leasú le Roinn F.3 den doicimead aonair 'Idirghníomhaíocht chúisíoch' agus an roinn 'Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (i gcás an ATFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an clú atá air nó saintréith eile atá ann (i gcás an TGFC)'

Sa chéad mhír, cuireadh 'bithfheanóil' in ionad 'polaifeanóil' i gcomhréir leis na leasuithe a leagtar amach thuas.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Roinn G 'Fíorú ar chomhlíonadh na sonraíochta táirge' a scriosadh

*Tuairisc*

Scriosadh Roinn G 'Comhlíonadh na sonraíochta táirge a fhíorú' toisc nach bhforáiltear dó sin in Airteagal 49 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

**Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta**

**'Estepa'**

**Uimhir thagartha AE: PDO-ES-0341-AM03 — 20.3.2026**

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Estepa'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Spáinn

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

15 – Saillte agus olaí ainmhíocha, plandúla nó miocróbacha agus a dtáirgí scoilte; saillte inite ullmhaithe; céaracha plandúla nó ainmhíocha

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Ola olóige úríon a dhéantar as torthaí na gcineálacha seo a leanas crainn ológ (*Olea europaea*, L.). Tá ceithre chineál ola ann:

— Hojiblanca, Arbequina, Manzanilla, Picual agus Lechín de Sevilla

— Hojiblanca agus Arbequina

— Hojiblanca

— Arbequina.

Ní mór gach ola olóige úríon a dhéanamh trí mhodhanna meicniúla nó fisiceacha amháin nach gcuireann isteach ar an gcáilíocht, ionas go gcaomhnóidh na holaí blas, cumhra agus tréithe na dtorthaí óna dtáirgtear iad.

Ní mór na hológa a bheith ar cheann de na cineálacha ológa údaraithe, a bhuantar go díreach ón gcrann nuair a shroichfidh siad an leibhéal aibíochta a thabharfaidh na saintréithe riachtanacha d'olaí torthúla.

Ní féidir an t-ainmniúchán tionscnaimh a úsáid ach amháin le haghaidh olaí olóige úríona a chomhlíonann, tar éis dóibh a bheith i siléir, na ceanglais seo a leanas:

Scór airmheánach le haghaidh torthúlachta: ≥ 4.5.

Scór airmheánach le haghaidh searbhais: ≥ 2,5 agus ≤ 6.

Scór airmheánach le haghaidh géire: ≥ 2,5 agus ≤ 6.

Aigéadacht (%): ≤ 0.3.

Luach sárocsaíde (mEq $O_2$/kg): ≤ 15.

Ionsúiteacht ultraivialait ($K_{270}$ nó K268): ≤ 0.18 mEq ocsaigin ghníomhach in aghaidh an chileagraim ola.

Frithocsaídeoirí nádúrtha, bithfheanóil iomlána: ≥ 250 mg/kg (tíreasól).

Frithocsaídeoirí nádúrtha, Arbequina aonchineálach, bithfheanóil iomlána: ≥ 200 mg/kg (tíreasól)'.

Cobhsaíocht ocsaídiúcháin (córas Rancimat) arna tomhas in uaireanta (100 °C nó 120 °C ag a bhfuil aershreabhadh 10 l/u): ≥ 43,6 h ag 100 °C agus ≥ 7 ag 120 °C.

Cobhsaíocht ocsaídiúcháin Arbequina aonchineálach (córas Rancimat) arna tomhas in uaireanta (100 °C nó 120 °C ag a bhfuil aershreabhadh 10 l/u): ≥ 35 h ag 100 °C agus ≥ 6 ag 120 °C.

Tocaifearóil: ≥ 250 mg/kg.

Tócaifearóil, Arbequina aonchineálach: ≥ 220 mg/kg.

Mar thoradh ar bhuain luath, is torthaíocht ológ ghlas seachas torthaíocht ológ aibí atá le brath ar na holaí seo; go ginearálta bíonn na hológa idir glas agus aibí.

Athraíonn saintréithe na n-olaí de réir na n-ológ a úsáidtear:

— Hojiblanca, Arbequina, Manzanilla, Picual agus Lechín de Sevilla

Ní mór ológa de chineál Hojiblanca, a bhuantar go heisiach i mí Dheireadh Fómhair nó i mí na Samhna, a bheith i gceist le 35 % ar a laghad.

Tá torthaíocht ológ ghlas seachas torthaíocht ológ aibí ag an gcineál sin ola, ag a bhfuil déine mheánach. Is é an searbhas agus an ghéire sa bhéal lena mbeadh coinne ó olaí a fhaightear ag tús an tséasúir atá aige.

— Hojiblanca agus Arbequina

Déantar an ola as idir 20 % agus 80 % ola olóige úríon d'ológa Hojiblanca agus idir 80 % agus 20 % d'ológa Arbequina.

Tá torthaíocht ológ ghlas seachas torthaíocht ológ aibí le brath ar an gcineál sin ola. Tá an searbhas agus an ghéire a mbeifí ag súil leis in olaí a fhaightear ag tús an tséasúir le brath sa bhéal ar an ola seo.

— Hojiblanca

100 % ola olóige úríon Arbequina, i.e. ola déanta as ológa Arbequina amháin.

Tá torthaíocht ológ ghlas seachas torthaíocht ológ aibí le brath ar an gcineál sin ola. Tá an searbhas agus an ghéire a mbeifí ag súil leis in olaí a fhaightear ag tús an tséasúir le brath sa bhéal ar an ola seo.

— Arbequina

100 % ola olóige úríon Arbequina, i.e. ola déanta as ológa Arbequina amháin.

Tá torthaíocht ológ ghlas seachas ológ aibí ag ola olóige úríon ar a bhfuil an ATFC 'Arbequina', lena mbaineann cothromaíocht idir searbhas agus géire sa bhéal.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

-

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Fás agus déanamh na hola.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

-

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór na focail *Denominación de Origen Protegida 'Estepa'* [Ainmniúchán Tionscnaimh faoi chosaint 'Estepa'] a bheith ar na lipéid agus ar na lipéid deimhniúcháin.

Ní mór lipéid tráchtála gach oibreora chláraithe a bheith formheasta ag an mBord Rialála.

Ní mór séala ráthaíochta agus lipéad uimhrithe nó lipéad deimhnithe arna eisiúint ag an mBord Rialála a bheith ar gach pacáistíocht ina scaoiltear an ola ar mhargadh an tomhaltóra, i gcomhréir leis an Lámhleabhar maidir le Cáilíocht agus Nósanna Imeachta, a ghreamaítear sa trádstóras, sa mhuileann nó sa ghléasra pacála ar bhealach nach féidir iad a athúsáid.

## 5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cuimsíonn an limistéar gach ceann de na 12 bhardas seo a leanas i gcúige Sevilla: Aguadulce, Badolatosa, Casariche, Estepa, Gilena, Herrera, Lora de Estepa, Marinaleda, Pedrera, La Roda de Andalucía, El Rubio agus Martín de Jara, chomh maith le polagáin chadastracha 33-38 de bhardas Écija, polagáin 17-33, 96, 97, 102, 104 agus 105 de bhardas Osuna, agus talamh i mbardasacht amháin i gcúige Córdoba: Puente Genil, go sonrach an limistéar ar a dtugtar Miragenil.

## 6. **Nasc leis an limistéar geografach**

*Achoimre ar an nasc*

1. Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Is tosca iad na hithreacha cailcreacha, an ganntanas uisce i limistéar Estepa agus an aeráid ilchríochach lena mbaineann samhradh te agus geimhreadh fuar a chuireann dlús le hológa a aibiú.

Léirítear le staidéir go gcuireann an cineál ithreach sin tiúchan níos airde frithocsaídeoirí chun cinn ar díol spéise iad ó thaobh cothaithe de: tócaifearóil, go háirithe alfa-thócaifearól, arb é an frithocsaídeoir is mó i bhfad é (> 90 %).

Sa timpeallacht gheografach seo, áit a dtáirgtear ológa boird go traidisiúnta i sciar mór de na garráin olóige – is le haghaidh thionscal na n-ológ boird thart ar 30 % den táirgeadh iomlán olóige i limistéar Estepa – tosaíonn an bhuain go traidisiúnta go han-luath. Is é seo an toradh, ar an gcéad dul síos, ar tosca nádúrtha, mar gheall ar na coinníollacha ithreach agus aeráide go n-aibíonn na torthaí níos tapúla, agus, ar an dara dul síos, an cleachtas maidir le buain gan bhriseadh, ós rud é go dtarlaíonn buain na n-ológ boird - a gcuirtear tús leis i mí Mheán Fómhair - ag an am a bhuantar na hológa a úsáidtear le haghaidh táirgeadh ola olóige, nó buantar an dara ceann díreach i ndiaidh na chéad chinn.

Cuidíonn na cleachtais sin le holaí a tháirgeadh a bhfuil tréithe ceimiceacha agus orgánaileipteacha sainiúla iontu.

2. Sainiúlacht an táirge

— Tá searbhas suntasach ag olaí olóige ATFC 'Estepa', lena mbaineann scór airmheánach idir 2,5 agus 6.

— Tá a dtorthaíocht, ar mó é ná 4,5, ar cheann de na ceanglais is airde san Aontas Eorpach.

— Tá níos mó comhdhúile feanólacha iontu ná mar atá in olaí a fhaightear ó chineálacha eile agus ó na cineálacha céanna a fhástar in áiteanna eile.

— Cobhsaíocht ocsaídiúcháin ard.

— Cion ard na líocha a fhaightear in ola olóige, go sonrach clóraifillí agus caraitéiní (Modh CIO T20 Bithfheanóil a chinneadh trí CLAF).

3. Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (maidir le ATFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó saintréith eile atá ann (maidir le TGFC)

Tá dhá thoisc ann: tosca nádúrtha (an t-éiceachóras) agus tosca daonna. Is iad na fachtóirí agrai-eolaíochta sin is cúis le cion bithfheanóil agus tócaifearól níos airde a bheith ag na holaí, mar a leagtar síos sa tsonraíocht táirge.

Tá ithir an réigiúin lag ó thaobh ábhar orgánach de agus is aolchloch atá i gceist leis an tírdhreach den chuid is mó. Leis sin, cinntear rogha na mbarr – crainn ológ agus cineálacha áirithe plandaí crua frithsheasmhacha, atá oiriúnaithe níos fearr do na dálaí sin ná mar atá aon chineáil eile. I limistéar Estepa cuirtear 95 % den talamh feirme faoi chrainn ológ.

Is éard is cúis le cáilíochtaí orgánaileipteacha sainiúla a bheith ag na holaí agus le hiad a bheith i bhfad níos torthaíche ná olaí eile an chaoi a bhfuil go leor crann ológ ann, go háirithe crainn Hojiblanca ach na cineálacha údaraithe eile freisin, a chuirtear ar ithir chailcreach.

Léirítear le staidéir go gcuireann an cineál ithreach cailcreach sin leibhéil níos airde frithocsaídeoirí chun cinn ar díol spéise iad ó thaobh cothaithe de: tocaifearóil.

Fachtóir nádúrtha eile a bhfuil tionchar cinntitheach aige ar ár n-olaí is ea an aeráid áitiúil, sa mhéid go dtugann an strus uisce, de bharr an ghanntanais uisce i limistéar Estepa, go dtugann sé searbhas níos suntasaí do na holaí ná mar a fhaightear in olaí a tháirgtear in áiteanna eile, lena n-áirítear iad siúd a fhaightear ó na cineálacha céanna olóige.

Chomh maith leis sin, cuireann an bháisteach íseal mar aon leis an samhradh atá níos cineálta ná mar atá i gceantair chomharsanachta, ar gnáthghné d'aeráid ilchríochach í, dlús le haibiú na n-ológ agus mar sin déantar iad a bhuain go luath.

Ar deireadh, tá tábhacht chinntitheach ag baint leis an toisc dhaonna. Ós rud é go dtáirgtear ológa boird go traidisiúnta ar sciar mór de na garráin ológ i limistéar Estepa – is le haghaidh thionscal na n-ológ boird atá thart ar 30 % den táirgeadh iomlán olóige – tosaíonn an bhuain níos luaithe sa limistéar seo ná in aon chuid eile den domhan go traidisiúnta. Is é seo an toradh, ar an gcéad dul síos, ar tosca nádúrtha, mar gheall ar na coinníollacha ithreach agus aeráide go n-aibíonn na torthaí níos tapúla, agus, ar an dara dul síos, an cleachtas maidir le buain gan bhriseadh, ós rud é go dtarlaíonn buain na n-ológ boird - a gcuirtear tús leis i mí Mheán Fómhair - ag an am a bhuantar na hológa a úsáidtear le haghaidh táirgeadh ola olóige, nó buantar an dara ceann díreach i ndiaidh na chéad chinn.

Cuidíonn na cleachtais sin le holaí a tháirgeadh a bhfuil tréithe ceimiceacha agus orgánaileipteacha sainiúla iontu.

**Tagairt leictreonach (URL) d’fhoilsiú na sonraíochta táirge**

https://lajunta.es/6dgm7